





**Health  
Information  
and Quality  
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis  
agus Cáilíocht Sláinte

## Clár

Clár .....	2
Réamhrá .....	4
Próiseas na forbartha .....	6
Timpeallacht na hoibríochta .....	7
Comhoirbiú .....	9
Cumas .....	10
Comhlíontacht .....	11
Cáil .....	11
Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Slainte (ÚFCS) .....	12
Misean, fíis agus luachanna an ÚFCS .....	14
Ár n-aidhmeanna straitéiseacha .....	17
Acmhainní .....	30
Cur i bhfeidhm agus maoirseacht .....	31

---

# Réamhrá

Cuireann sé áthas orainn an Plean Corparáideach de chuid an ÚFCS do na blianta 2022-2024 a thabhairt isteach. Tugaimid breac-chuntas sa phlean seo ar threoir shoiléir don trí bhliain atá romhainn agus leagtar amach na céimeanna a ghlacfaimid chun an misean againn, Seirbhísí níos Sábháilte, Cúram Níos Fearr, a bhaint amach. Léirímid timpeallacht ár gcuid oibriúchán, agus leagaimid amach ár gcuspóirí straitéiseacha, chomh maith lenár ngealltanas go n-oibreoimid de réir croíluachanna ne heagraíochta.

Nuair a chuireamar tús le is an obair ar sheachadadh ár bPlean Corparáideach roimhe seo, do na blianta 2019–2021, rinneamar amhlaidh agus fios againn go raibh an plan uailmhianach, ach leis an tuairim chomh maith go raibh an eagraíocht in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a chruthaigh an plan, sé sin, ag cur ar chumas an ÚFCS a mhisean a sheachadadh.

Ní fhéadfadh éinne againn a bheith ag súil leis na dúshláin a bhí romhainn go luath sa dara bliain den phlean, le teacht chun cinn paindéim domhanda an COVID-19 agus an tionchar ar leith a bhí ag an bpaindéim ar fud córas uile na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn.

Thug an ÚFCS aghaidh ar thuilleadh dúshlán agus tionchar an COVID-19 agus é ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar sheachadadh a chuid seirbhísí faoi réir a shainchúraim reachtaigh. Bhí riachtanas breise ann freisin le haghaidh na dtacaíochtaí ar leith agus leanúnacha maidir leis an iarracht náisiúnta chun bogadh i dtreo na céime iar-phaindéimeacha.

Ba iad tionchar na paindéime ar an ÚFCS agus ar sheirbhísí na sláinte agus na gcúram shóisialta, chomh maith le tuairimí ár gcuid geallsealbhóirí, a chruthaigh múnla forbartha an Phlean Corparáideach nua seo do na bliana 2022-2024.

Agus an plan seo á fhorbairt againn, thugamar faoi chlár rannpháirtíochta uailmhianach lenár gcuid geallsealbhóirí. Áiríodh leis seo lucht déanta an bheartais, na pleanáilthe agus soláthraithí na seirbhísí, chomh maith le húsáideoirí na seirbhísí, grúpaí abhcóideachta, foireann an ÚFCS agus an pobal i gcoitinne. Chuamar ag lorg na tuairimí a bhí acu faoi luachanna ÚFCS, faoi cad a d'oibrigh go maith le trí bhliain anuas agus faoi na tosaíochtaí ba cheart a bheith againn sa tréimhse atá le teacht.

Ba é mar chomhdhearcadh ag na geallsealbhóirí ná gur eagraíocht é an ÚFCS a bhfuil muinín ag an bpobal as agus a mheas siad go raibh sé ag cur úsáideoirí na seirbhíse, go háirithe na húsáideoirí siúd ar lagchuidiú, i gcroílár a chuid oibre. Teastaíonn na geallsealbhóirí go háirithe go léireodh an ÚFCS a thuilleadh ar an gcaoi a ndéanfadh sé an cur chuige bunaithe ar chearta an duine atá aige ina chuid oibre a fhorbairt agus a fhógairt. Léirigh siad a gcuid mhuinín freisin i modheolaíochtaí an ÚFCS agus sa chaoi ina bhaineann sé úsáid as an bhfianaise thar a chuid feidhmeanna dlíthiúla.

Sna trí bhliain amach romhainn, leanfaidh an ÚFCS ag tabhairt aghaidh ar thorthaí agus ar mholtaí de chuid Phainéil na Saineolaithe ar na Tithe Altranais maidir leis an COVID-19; áireofar leis seo clár iniúchtaí Iníos leithne agus níos éagsúla thar earnáil uile na dtithe altranais agus seirbhísí cónaithe an mhíchumais. Tógfaidh an ÚFCS freisin ar a Chlár Náisiúnta Taithí an Chúraim (CNTC) rathúil, trí shuirbhé ar chónaitheoirí na dtithe altranais agus a ngaolta a thabhairt isteach, chomh maith le suirbhé ar an gcúram deireadh saoil ar fud seirbhísí na géarmhíochaine, curam an phobail agus a leithéid eile atá bunaithe sa bhaile. Ina theannta sin, leanfaidh ÚFCS ag tabhairt faoi chlár sintéis na fianaise chun cabhrú le beartais an Rialtais a chur le cheile agus sinne ag leanúint ar aghaidh ag freagairt ar thionchar an COVID-19 i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta sa Stát.

Leagann an plean seo amach freisin clár suntasach na hoibre a sheasann le beartas an Rialtais. Agus fios againn ar an ngá práinneach atá ann le córas sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann a nuachóiriú, rachaimid i dteagmháil lenár ngeallsealbhóirí d'fhonn na príomhphrionsabail agus na cuspóirí Sláintecare a chur i bhfeidhm. Aithnímid clár uailmhianach seo na reachtaíochta agus na rialála atá dírithe ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a fheabhsú, go háirithe forbairt an bheartais sa mhéid a bhaineann sé le freagrachtaí an Stáit i leith na ndaoine fásta agus na leanaí a d'fhéadfadh a bheith ar lagchuidiú. Leagann an plean corparáideach seo amach an chaoi a gcabhróimid leis na beartais agus le riachtanais na reachtaíochta nua seo agus an chaoi a fhreagrófar iad de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach éinne a ghlac páirt i bhforbairt an phlean seo, agus leo siúd uile a ghlac an t-am chun conair an Údaráis amach anseo a shamhlú.

# Próiseas na Forbartha

I mí Bealtaine na bliana 2021, cuireadh tús leis an obair ar an séú plean corparáideach de chuid an ÚFCS. Ghlac Bord an ÚFCS le creat um an bplean a fhorbairt, agus bhunaigh Foireann Bainistíocht an Feidhmiúcháin meitheal oibre faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

Agus ár bplean corparáideach á fhorbairt againn, rinneamar machnamh ar thimpeallacht ár gcuid oibriúcháin, ar ár luachanna, ar ár ngéithe láidre agus laige, agus ar conas ar féidir linn an luach is mó a chur le córas na sláinte agus an chúraim shóisialta againn.

Rinne an grúpa oibre maoirseacht ar phroiseas cuimsitheach an chomhairliúcháin agus na rannpháirtíochta leis na geallsealbhóirí príomhpháirtithe, ina measc an Roinn Sláinte; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige; an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla); Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS); agus Oifig Chláir an Sláintecare; soláthraithe eile na seirbhísí; ranna eile an Rialtais; gníomhaireachtaí eile an rialtais lena mbaineann; úsáideoirí na seirbhísí; agus an pobal i gcoitinne. Laistigh den eagraíocht, chumar i gcomhairle le comhaltaí Boird an ÚFCS, le Foireann Bainistíocht an Feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann. Tar éis a leithéid comhairliúchan a chríochnú, rinneadh an dréachtphlean corparáideach a fhorbairt le haghaidh comhairliúcháin phoiblí níos fairsinge sular foilsíodh é.



---

# Timpeallacht na hoibríochta

Agus an plan seo á fhorbairt againn, d’admhaíomar go bhfuil roinnt fachtóirí seachtracha ann a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chlár oibre agus ar phróiseas tosaíochta an ÚFCS sa tréimhse amach go dtí deireadh na bliana 2024.

Tiocfaidh an tionchar is práinní chun cinn de réir mar a éiríonn an tír agus a cuid seirbhísí sláinte as paindéim an COVID-19 agus a théann sí i dtaithe ar an gcéim nua endéimeach ina ndéanfaidh an pobal, lucht déanamh an bheartais, na planálaithe agus coimisinéirí na seirbhísí iad féin oiriúnú do thorthaí fadtéarmacha an COVID-19. Tá breithniú déanta ag an ÚFCS ar a leithéid tionchar, ní hamháin ar na seirbhísí ach ar an gcaoi a gcaithfimid mar rialtóir agus mar ghníomhaireacht an fheabhsúcháin oibriú sa timpeallacht athraitheach seo.

I gcomhréir lenár sainchúram dlíthiúil, le beartas an rialtais atá ag teacht chun cinn agus le moltaí Painéil na Saineolaithe ar na na Tithe Altranais maidir leis an COVID-19, déanfaidh an ÚFCS:

- Leanúint ar aghaidh ag méadú agus ag éagsúlú a chlár rialála sna tithe altranais agus i seirbhísí cónaithe an mhíchumais chun a chinntiú go bhfoghlaímimid ó thaithí an COVID-19 sna hearnálacha seo agus go leanfaimid ag feabhsú cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí agus taithí saoil na gcónaitheoirí.
- Leanúint ar aghaidh lenár gClár Taithí an Chúraim Náisiúnta a fhorbairt trí shuirbhéanna a fhorbairt agus a sheachadadh do chónaitheoirí na dtithe altranais agus a gcuid gaolta, chomh maith le suirbhé a chur ar fáil ar an gcúram deireadh saoil ar fud seirbhísí an phobail, an ghéarchúraim agus sa baile.
- Tacú le lucht déanta an bheartais agus leis na cinnteoirí chun an úsáid is fearr a bhaint as torthaí sintéis na fianaise ar ardchaighdeán ar an COVID-19 sa chéad chéim eile d’fhreagairt na sláinte poiblí agus earnáil na sláinte.

Tá daonra na hÉireann atá ag dul in aois agus i méid agus, mar thoradh ar sin, beidh méadú ar líon na ndaoine a dteastaíonn seirbhísí cúram na sláinte agus an chúram sóisialta uathu. Ciallaíonn an déimeagrafach athraitheach go bhfuil dúshlán suntasach le teacht maidir le seachadadh agus le maoiniú na seirbhísí. Leagtar bun-bheartas an Rialtais maidir le dul i ngleic leis na ndúshlán seo i dTuarascáil Choiste an Oireachtais um Thodhchaí Cúram Sláinte Sláintecare (2017). Ag an am céanna, leagtar amach i gclár uailmhianach forbairt an bheartais agus athchóiriú na reachtaíochta, go gcosnófar na daoine fásta siúd agus na leanaí siúd a d’fhéadfadh a bheith ar lagchuidiu a fhaigheann seirbhísí na sláinte agus cúraim shóisialta agus go gcoimeádtar lena gcearta daonna.

Maidir le téarmaí tagartha agus feidhmeanna dlíthiúla an ÚFCS, beidh tionchar ag roinnt tionscnamh ar ár gcuid oibre. Ina measc seo tá:

- An Straitéis Forfheidhmithe Sláintecare, a leagann amach an creat le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar chóras na sláinte agus an chúraim sóisialta in Éirinn, mar a shamhlaítear sa i Tuarascáil Sláintecare.
- Dul chun cinn an Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha um Shábháilteacht Othar) (2019), a leathnóidh sainchúram an ÚFCS go dtí soláthraithe seirbhísí príobháideacha na sláinte agus a chuirfidh an dualgas ar gach soláthraí seirbhís na sláinte gach eachtra tromchúiseach infhógartha a chur in iúl don ÚFCS. Ina theannta sin, leathnóidh leasú nua ar an mBille cumhachtaí an ÚFCS chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon eachtra tromchúiseach sábháilteacht an othair laistigh d’earnáil na dtithe altranaís.
- Tabharfaidh an Bille um Shábháilteacht Othar (Ceadúnú) (2018) isteach córas ceadúnaithe um chúram na sláinte in Éirinn don chéad uair, agus sé an ÚFCS a bheidh mar chomhlacht an cheadúnúcháin ina leith.
- Leis an mBille um Fhíocháin Dhaonna (Trasphlandú, Iarbháis, Scrúdú Anatamaíoch agus Taispeántas Poiblí) (2018), tabharfar isteach cumhachtaí nua ar leith don ÚFCS chun cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí na marbhlainne sna hospidéal.
- Tabharfar isteach leis an mBille Sláinte (Leasú) (Ceadúnú Soláthraithe Tacaíochta Baile Gairmiúla) scéim a leasóidh an tAcht Sláinte 2007 dhonn cumhachtaí an ÚFCS a leathnú chun soláthraithe an chúraim baile in Éirinn a cheadúnú agus a iniúchadh.
- Leathnóidh leasú ar an Acht Sláinte 2007 cumhachtaí an ÚFCS chun seirbhísí cónaithe na leanaí san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach a chlárú agus a iniúchadh de réir na rialachán.
- An t-iarratas ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige go leathnófaí cumhachtaí an ÚFCS ionas cigireacht a dhéanamh ar ionaid an fháiltithe agus an lánpháirtithe.
- Beartas an rialtais ar choimirciú daoine fásta a fhorbairt agus tús a chur le gnéithe tábhachtacha den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 a chinnteoidh go ndéanfar cearta iad siúd a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí arna rialú ag ÚFCS a chur chun cinn agus a chosaint mar is gá.
- Tabhairt isteach Rialachán 2021 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (MTS), lena n-éileofar modhanna, próisiss agus úsáid uirlisí coiteanna an MTS a chaighdeánú



Is cosúil go bhfuil tréimhse dhúshlánach i ndán do thimpeallacht níos fairsinge an gheilleagair in Éirinn mar thoradh ar an COVID-19 agus ar an mBreatamach. Déanfaidh an comhthéacs eacnamaíoch seo deachrachaí don ÚFCS ina ról mar chomhlacht na hearnála poiblí a bhfuil gá leis a chuid fheidhmeanna a mhéadú agus a éagsúlú thar shaolré an phlean chorpáidigh seo.

---

## Comhoibriú

Ní oibríonn an ÚFCS ina aonar, agus, le trí bliana anuas, tá comhoibriú cuiditheach curtha le chéile le raon eagraíochtaí comhpháirtíochta agus á bhforbairt a thuilleadh. Cé go bhfuil difríocht idir ár bhfeidhmeanna féin agus feidhmeanna ár ngeallsealbhóirí, aithnímid gur minic a dhéantar ár gcuid misean faoi seach a ailíniú agus sinne ag obair chun cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn a fheabhsú. Tríd an obair a bhíonn á dhéanamh againn i gcomhar a cheile, is féidir linn leas a bhaint as scileanna, saineolas agus léargas na n-eagraíochtaí i gcomhpháirtíocht linn. Agus sinne ag éisteacht le tuairimí eile, lena n-áirítear iad siúd a thagann as na baill foirne atá ag obair inár seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta, is féidir linn faisnéis thábhachtach a bhailiú a chabhróidh linn ár gcuid chomhiarrachtaí a dhíriú.

Le trí bhlian anuas, léiríomar conas is féidir leis an ÚFCS, in éineacht lenár gcomhpháirtithe, tionchar a imirt ar sheirbhísí níos sábháilte agus níos éifeachtaí a chur ar fáil do phobal na hÉireann. I measc samplaí den chomhoibriú seo, tá ballraíocht an ÚFCS ar Fhoireann Náisiúnta Éigeandála na Sláinte Poiblí (FNESP/NPHET) agus ar Fhoireann Maoirseacht na Forfheidhmithe maidir le mholtaí Painéil na Saineolaithe ar na Tithe Altranais . Tá tuilleadh forbartha déanta ag an ÚFCS ar raon comhoibríthe mar chuid den Suirbhé Náisiúnta ar Thaithí na n-Othar Cónaitheach; an fhorbairt a rinneadh leis an gCoimisiún um Chaighdeán Náisiúnta na Meabhair-Shláinte ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na leanaí chomh maith le cosaint na aosach lena bhaineann; Comhoibriú Bord Taighde na Sláinte in Éirinn maidir le Athbhreithnithe na hÉifeachtúlachta Cliniciúla (BTS-CÉAÉC/HRB-CICER); an tacaíocht ionas eolas a thabhairt d’obair Choiste Chomhairligh Náisiúnta na Scagthástála; agus tionscadal um Fhoghlaim ó na Fógraí sa Chúram Sóisialta (FFCS/LENS).

Sa trí bhliain amach romhainn, tá súil againn na comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a fhorbairt a thuilleadh agus comhoibríthe nua a chur le chéile chun a chinntiú go bhfuilimid ag seachadadh ár gcuid feidhmeanna dlí agus ár gcuspóirí corparáideacha ar an uasleibhéal. Tá sé beartaithe againn freisin comhpháirtíochtaí a fhorbairt a thuilleadh leis na hinstiúidí acadúla agus taighde chun cabhrú le

hanailís agus léirmhíniú na sonraí, chun tacú lenár gcuid mhodheolaíochtaí, chun ár n-éifeachtacht agus ár dtionchar a mheas, agus chun tacú lenár mbaill foirne agus á bhforbairt.

Agus an rí-tábhacht a baineann le Sláintecare á cur san áireamh, leanfaimid ag obair le hOifig an Chláir Sláintecare chun an tacaíocht a chur ar fáil ar fud gach feidhm agus inniúlacht againn ionas an t-athrú ag teastáil i gcóras na sláinte agus an chúraim shóisialta a chur i bhfeidhm. Oibreoidimid leis an Roinn Sláinte chun a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht agus leasú na rialála ar an eolas agus á dtreorú ag ár gcuid taithí agus ag bonn iontaofa na fianaise.

Ina theannta sin, leanfar ag déanamh Meabhráin na Tuisceana (MnT/MoU) a fhorbairt agus comhaontuithe um chomhroinnt na sonraí le comhlachtaí poiblí eile agus déanfar á n-athbhreithniú go rialta chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid oibre comhordaithe i gceart agus go roinntear an fhaisnéis mar is cuí chun sláinte agus leas iad siúd a mbaineann úsáid as seirbhísí na sláinte agus an churaim shóisialta a chosaint.

---

## Cumas

Tá dualgas fairsing éilitheach ag an ÚFCS atá ag fás agus ag éagsúlú i gcónaí ó bunaíodh é sa bhliain 2007. Tá an treocht seo i bhfeidhm fós, agus tá feidhmeanna reachtúla breise beartaithe sna blianta atá le teacht. Mar thoradh air sin, ní mór cumas an ÚFCS maidir lena chuid feidhmeanna a sheachadadh a dhianscóipeáil agus a phleanáil agus an dóthain acmhainní a chur ar fáil dó. Ag teacht leis an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí de chuid an Rialtais, leanfaidh an ÚFCS ag iarraidh a bheith ina rogha fostóra agus ag obair chun foireann spreagtha ar ardcháilíocht a earcú agus a choinneáil. Ag feidhmiú i dtimpeallacht na hiar-phaindéime, oibreoidimid chun sinn féin a ailíniú le prionsabail na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le socruithe na hoibre cumaiscthe agus lenár gcumas digiteach agus lenár cumas na sonraí a chur chun cinn d'fhonn éifeachtacht, éifeachtúlacht agus rochtain níos fearr ar ár gcuid sonraí a fhorbairt tuilleadh.

Leanfaimid ar aghaidh ag gearáil an tsaineolais atá ar fáil in Éirinn agus i ndlínsí eile ionas go bhfanfaidh an fhianaise atá mar bhonn agus mar thaca ag ár gcaighdeáin, ár dtreoirínte agus ár measúnuithe ábhartha agus cothrom le dáta. Trí úsáid a bhaint as faisnéis ghnó, díreoidimid ár n-acmhainní go héifeachtach agus ar bhealach a bhainfidh an luach is fearr ar gcuid airgid amach.

---

# Comhlíontacht

Mar chomhlacht na hearnála poiblí, tá an ÚFC ar an eolas faoina chuid dualgas chun cloí le gach rialachas reachtach a bhaineann leis. Cinntíonn an fócas againn ar an dea-rialachas agus ar dheachleachtas bainistíocht na cáilíochta go bhfuil próisis i bhfeidhm againn chun an chomhlíontacht a bhaint amach. Chun cabhrú linn sa réimse seo, cinnteoidimid go mbeidh deacleachtas láidir i bhfeidhm againn i gcónaí i leith an iniúchta inmheánaigh, athbhreithniú na cáilíochta agus ár bpróisis eile na meastóireachta eile.

---

# Cáil

De réir mar a leathnaíonn ár gcuid feidhmeanna faoi chreataí an dlí atá ann cheana féin agus faoi chreataí nua an dlí, beidh ar an ÚFCS aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a mbaineann lenár bpróisis, lenár mbreithiúnais agus lenár gcinntí. Aithnímid na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann dár gcáil mar ghníomhaireacht iontaofa an Stáit agus oibreoidimid mar sin go leanúnach lena chinntiú gur éifeachtach iad a leithéid próiseas agus gur féidir leo seasamh i gcoinne gach iniúchadh agus gach dúshlán, agus go gcuirtear an fhoghlaim chomhroinnte i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

---

# Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS)

Is údarás reachtúil neamhspleách é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) a bunaíodh chun an tsábháilteacht agus an cháilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta ar mhaithe le sláinte agus le leas an phobail.

Baineann Údarás an ÚFCS go dtí seo le raon leathan na sheirbhísí sna earnálacha phoiblí, phríobháideach agus dheonach. Ag tuairisciú don Aire Sláinte agus ag dul i dteagmháil leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, tá an ÚFCS freagrach as seo a leanas:

## Na caighdeáin a leagan síos do sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta

Na caighdeáin agus an treoir atá dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar an bhfianaise agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, do sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn.

## Rialáil seirbhísí an chúraim shóisialaigh

Tá an Príomhchigire an ÚFCS freagrach as clárú agus as iniúchadh na seirbhísí cónaithe do dhaoine aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus as clárú agus as iniúchadh aonaid cúram ar leith na leanaí.

## Rialáil seirbhísí na sláinte

Rialáil neamhchosaint na míocháine don radaíocht ianaíoch.

## Seirbhísí monatóireachta

Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht seirbhísí na sláinte agus seirbhísí sóisialta na leanaí agus imscrúdú a dhéanamh, de réir mar is gá, aon ghéar-imní faoi shláinte agus faoi leas iad siúd a mbaineann úsáid as a leithéid seirbhísí.

## Measúnú teicneolaíocht na sláinte

Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chostais cláir na sláinte, na mbeartas, na gcógas, na dtrealamh leighis, na dteicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cosaint na sláinte, agus comhairle a chur ar fáil chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní agus na torthaí is fearr a aimsiú dóibh siúd a mbaineann úsáid as ár seirbhís na sláinte.

## Faisnéis na sláinte

Comhairle a thabhairt maidir le bailiú agus comhroinnt éifeachtach agus slán faisnéis na sláinte, socrú na gcaighdeáin, meastóireacht na n-acmhainní agus foilsiú na faisnéise faoi fheidhmíocht sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta in Éirinn.

## Clár Náisiúnta Taithí an Chúraim

Suirbhéanna náisiúnta ar thaithí úsáideoirí na seirbhíse a dhéanamh thar raon seirbhísí na sláinte, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus an FSS.

---

# Misean, fíis agus luachanna an ÚFCS

## Ár bhfíis

Seirbhíisí níos sábháilte agus cúram níos fearr ar fáil do chách

## Ár misean

Úsáideoirí na seirbhíisí a chosaint, agus oibriú leis na geallsealbhóirí chun cothromas, cáilíocht agus sábháilteacht seirbhíisí na sláinte agus an chúraim shóisialta a fheabhsú agus a chumasú do gach éinne ina gcónaí in Éirinn.

## Ár luachanna:

### Na cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint

Oibreimid chun na cearta daonna a chur chun cinn chomh maith le aon sárú ar na cearta i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a aithint, a cheistiú agus a thuairisciú

### Na daoine a chur chun tosaigh

Cuirfimid guth agus riachtanais na ndaoine i gcroílár ár gcuid oibre agus déanfimid ár ndícheall aon sárú ar na caighdeáin aontaithe a aithint, a cheistiú agus a thuairisciú.

### Cothrom, cóir agus gan claonadh

Beimid cothrom, cóir agus comhsheasmhach agus sinne ag déileáil le gach éinne agus le gach eagraíocht

### Oscailte agus cuntasach

Cuirfimid gné agus torthaí ár gcuid oibre in iúl ar bhealach oscailte trédhearcach, ag glacadh an fhreagracht iomlán as ár ngníomhartha

### Dícheall chun feabhais

Raghaimid i mbun leanúnach na nuálaíochta agus na cáilíochta ár gcuid oibre trí thaighde láidir, trí dhícheall a dhéanamh do dhéine na modheolaíochta agus trí úsáid a bhaint as na hacmhainní agus an fhianaise is fearr atá ar fáil.

### An cháilíocht a chur chun cinn

Cuirfimid ardchaighdeáin na cáilíochta chun cinn laistigh dár n-eagraíocht féin agus ar fud seirbhísí uile na sláinte agus an chúraim shóisialta

### Ag obair le chéile

Beimid i dteagmháil agus ag comhoibriú lenár ngeallsealbhóirí go léir

# Aidhmeanna straitiséacha na mblianta 2022–2024

## Ár bhfís

Seirbhísí níos sábháilte agus cúram níos fearr ar fáil do chách.

## Ár misean

Úsáideoirí na seirbhísí a chosaint, agus oibriú leis na geallsealbhóirí chun cothromas, cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a fheabhsú agus a chumasú do gach éinne ina gcónaí in Éirinn.

## Príomhaidhmeanna straitiséacha

- 1 An chomhionannas agus cearta daonna iad siúd a mbaineann úsáid as seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a chur chun cinn agus a chosaint
- 2 Cur leis an bhfeabhsú leanúnach ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta
- 3 A chinntiú go bhfuil tábhacht lárnach ag guth úsáideoirí na seirbhíse inár gcuid oibre
- 4 An fhianaise láidir ar ardcháilíocht a chur ar fáil mar bhonn eolais don chleachtas, do pleanáil an bheartais agus don chinnteoireacht
- 5 Usáid a bhaint as ár gcuid taithí ionas guth iontaofa a chur ar fáil maidir leis an gcáilíocht, leis an tsábháilteacht agus leis na cearta daonna i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta
- 6 A chinntiú go dtacaíonn ár bpríomhchumasóirí linn an nuálaíocht agus barr feabhais a chur ar an gcaoi a dhéanaimid ár gcuid oibre

## Na Príomhchumasóirí

Daoine spreagtha agus oile

Taighde den scoth

An tsofhreagracht, an tsolúbthacht agus an aclaíocht

An cumas digiteach agus cumas na sonraí

Caidrimh chomhoibritheacha agus chuiditheacha

Ceannaireacht, rialachas agus bainistíocht

Próisis ar ardchaighdeán



---

# Ár n-aidhmeanna straitiséacha

## 1 An chomhionannas agus cearta daonna iad siúd a mbaineann úsáid as seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a chur chun cinn agus a chosaint

Cuirfimid an deachleachtas chun cinn maidir le cearta an duine laistigh de sheirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta; oibreoimid chun aon sárú féideartha nó dáiríre ar chearta an duine a aithint; oibreoimid chun aghaidh a thabhairt ar a leithéid sáruihte; agus úsáidfimid na torthaí chun an beartas agus an cleachtasa chur ar an eolas.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag cinntiú go bhfuil prionsabail an chomhionannais agus cearta an duine mar bhonn agus mar thaca ag caighdeáin, treoir agus modheolaíochtaí na cigireachta chun feacht agus tuiscint ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas a mhéadú sna seirbhísí agus ag na geallsealbhóirí a mbíimid i dteagmháil leo.
- Ag gníomhú agus tuairisc á dhéanamh againn nuair a fhaighimid amach go bhfuil cearta iad siúd a a mbaineann úsáid as na seirbhísí á sárú nó faoi bhagairt.
- Ag a cur chun cinn cur chuige ata bunaithe ar na cearta maidir le faisnéis na sláinte trí theagmháil leanúnach leis an bpobal i leith na bhforbairtí reatha agus amach anseo maidir le faisnéis na sláinte agus na rShláinte.
- Ag cinntiú go leantar leis an anailís eiticíúil atá dírithe ar chearta an duine maidir le tabhairt isteach cláir nua na sláinte.
- Ag cur ar chumas na ngeallsealbhóirí, go háirithe iad siúd a mbaineann úsáid as na seirbhísí, a gcuid tuairimí a chur in iúl agus a gcuid aiseolais luachmhair a chur ar fáil don ÚFCS.

**Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:**

- A bhfuil tuairisc ilchodach foilsithe againn ar ár dtorthaí agus ar an bhfoghlaím atá déanta againn ar chearta an duine i seirbhísí agus leis na geallsealbhóirí a mbímid i dteagmháil leo.
- Atá na deiseanna curtha ar fáil d'úsáideoirí na seirbhíse agus do na geallsealbhóirí eile a d'dhéadfadh baint a bheith acu a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le forbairt na gcaighdeán, measúnú teicneolaíocht na sláinte agus na gclár oibre eile lena mbaineann.
- A cinntíodh go mbeadh tionchar á imirt ag guth an phobail ar an mbeartas i mórchláir faisnéis na sláinte agus na rShláinte.
- Atá bealaí soiléire inrochtana na cumarsáide curtha ar fáil a ligeann d'úsáideoirí na seirbhíse agus do na geallsealbhóirí eile a gcuid tuairimí, a gcuid imní agus a gcuid aiseolas a roinnt.
- Atá páirt glactha ag geallsealbhóirí nua agus ag geallsealbhóirí atá ann cheana (go háirithe grúpaí ar deacair á mbaint amach) d'fhonn a chinntiú go ndéanfar cearta úsáideoirí na seirbhíse a chosaint agus a chur chun cinn.
- A cinntíodh go bhfuair gach comhalta boird agus ball foirne an ÚFCS an oiliúint agus na huasdátaithe ar an gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta.

## 2 Cur leis an bhfeabhsú leanúnach ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta

Tacóimid leis na seirbhísí agus cuirfimid ar a gcumas á bhfeabhsú go hinbhuanaithe trí chaighdeán, treoir agussintéis na fianaise a fhorbairt, trí éisteacht leo siúd a mbaineann úsáid as na seirbhísí agus trí chomhlíontacht na gcaighdeán agus na rialachán náisiúnta lena mbaineann a chur chun cinn.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Réimse na gclár téamacha um fheabhsú na cáilíochta a fhorbairt le haghaidh seirbhísí an chúraim shóisialta agus cúram na sláinte agus tuairisc a thabhairt ar thorthaí na gclár seo.
- An faisnéis ghnó lena baineann a roinnt le soláthraithe, le húsáideoirí na seirbhíse, le lucht déanta an bheartais agus leis an bpobal i gcoitinne chun cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí a fheabhsú.
- Na caighdeán a fhorbairt agus a uasdátú, agus tacú lena gcur i bhfeidhm agus lena scaipeadh, ag tabhairt tosaíochta d'úsáid ár gcuid acmhainní agus ag uasmhéadú na tairbhí a thagann astu do chóras na sláinte agus an chúraim shóisialta.
- Caighdeán faisnéis na sláinte a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar gcomhlíontacht i gcoinne a leithéid caighdeán chun an feabhsú i mbailiúchán, in úsáid agus i roinnt faisnéis na sláinte a chur chun cinn.
- A chinntiú go mbaineann ár ngeallsealbhóirí úsáid as na sonraí ag teacht as Clár Náisiúnta Taithí an Chúraim chun feabhsú seirbhísí na sláinte agus chúraim shóisialta a chur chun cinn.

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- Atá tuairisc déanta againn ar na tionchair agus ar na feabhsuithe a eascraíonn as ár gcláir oibre ag leibhéal áitiúla agus náisiúnta.
- Atáimid cinnte go bhfuil an fhaisnéis ar fáil ag soláthraithe na seirbhíse chun a gcuid seirbhísí a fheabhsú.
- Atá forbairt na gcaighdeán déanta againn, lena n-áirítear caighdeán na faisnéise agus na huirlisí tacaíochta i réimsí aontaithe na tosaíochta.

## 3 A chinntiú go bhfuil tábhacht lárnach ag guth úsáideoirí na seirbhíse inár gcuid oibre

Déanfaimid tuairimí agus taithí úsáideoirí na seirbhíse a lorg go gníomhach agus bainfimid úsáid as an eolas seo chun treoir a thabhairt do phleanáil, seachadadh agus torthaí ár gcuid oibre.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag bualadh agus ag labhairt le húsáideoirí na seirbhísí le linn obair na rialála i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta agus ag cur a gcuid tuairimí agus taithí san áireamh agus cláir na rialála á ndearadh againn.
- Ag oibriú le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun Clár Náisiúnta Taithí an Chúraim a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn feabhsuithe intomhaiste a bhaint amach dóibh siúd a mbaineann úsáid as córas na sláinte agus an chúraim shóisialta againne.
- Ag dul i dteagmháil le húsáideoirí na seirbhíse agus na moltaí á bhforbairt againn chun eolas a chur ar fáil don bheartas agus don straitéis náisiúnta maidir le bailiú, úsáid agus roinnt faisnéis na sláinte.

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- Atá taithí na ndaoine a mbaineann úsáid as seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta curtha san áireamh inár dtuarascálacha rialála.
- A bhfuil méadú soiléir tar éis teacht ar ár dteagmháil le húsáideoirí na seirbhíse thar chláir uile ár gcuid oibre.
- A rinneadh taithí pearsanta de chuid úsáideoirí na seirbhísí a thomhas trí Chlár Náisiúnta Taithí an Chúraim agusna torthaí a thuairisciú don phobal.
- A bhfuil rannpháirtíocht fhiúntach le húsáideoirí na seirbhísí agus lena gcuid ionadaithe léirithe againn i bpleanáil agus i bhforbairt cláir na hoibre againne.

## 4 An fhianaise láidir ar ardcháilíocht a chur ar fáil mar bhonn eolais don chleachtas, do pleanáil an bheartais agus don chinnteoireacht

Bainfimid úsáid as ár dtuiscint, ár n-eolas agus ár dtaighde chun cabhrú le agus comhairle a thabhairt do lucht déanta an bheartais, do phleanálaithe agus do sholáthraithe na seirbhíse i bhforbairt an bheartais agus sa chinnteoireacht.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag tabhairt faoi thaighde na rialála chun feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí an iniúchta, ar threoir, ar uirlisí, ar chleachtas, ar bheartas agus ar thosach feidhme na rialála nua agus chun an t-eolas a chur ar a leithéid.
- Ag forbairt na moltaí i réimsí na tosaíochta maidir le faisnéis na sláinte chun tionchar a imirt ar an mbeartas náisiúnta agus ar an reachtaíocht agus chun córas faisnéis sláinte na hÉireann a fheabhsú.
- Ag déanamh na measúnú ar theicneolaíocht na sláinte ar ardcháilíocht (MTSanna) agus sintéisí na fianaise a tháirgeadh chun bonn eolais a chur faoi mhórchinntí beartas na sláinte agus seirbhís na sláinte, lena n-áirítear an fhreagairt náisiúnta ar an COVID-19.
- Ag leathnú agus ag comhdhlúthú an chumais chun sintéis na fianaise agus giniúint an eolais a sheoladh agus a úsáid san ÚFCS agus ar fud córas na sláinte araon.
- Ag obair leis na cinnteoirí chun na deiseanna a chur chun cinn chun maidir le húsáid torthaí sintéis na fianaise ar ardchaighdeán a leabú d'fhonn bonn eolais a chur faoi phríomhchinntí an chleachtais, na pleanála agus an bheartais.

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- A bhfuil na moltaí forbartha againn i réimsí na tosaíochta maidir le faisnéis na sláinte agus leis na beartais náisiúnta lena baineann.
- Is léir go bhfuil rannchuidiú agus tionchar againn ar na beartas sna réimsí a mbaineann lenár dtéarmaí tagartha.
- A bhfuil MTSanna éifeachtacha agus sintéisí na fianaise ar ardchaighdeán déanta againn a thug tús áite dóibh chun an luach is fearr is féidir a chur le cinnteoireacht cúram na sláinte agus chun tacaíocht a thabhairt do na cinnteoirí ina n-úsáid/gcur i bhfeidhm.
- Atá méadú agus comhdhlú tar éis teacht ar chumas an ÚFCS agus ar córais cúram uile na sláinte araon chun an fhianaise a shintéisiú chun tacú leis an gcinnteoireacht.

- A bhfuil feabhas tar éis teacht ar ár bpróifíl mar ionad barr fheabhais maidir le sintéisiú na fianaise go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- A bhfuil torthaí ár gcuid taighde scaipthe againn.

## **5 Usáid a bhaint as ár gcuid taithí ionas guth iontaofa a chur ar fáil maidir leis an gcáilíocht, leis an tsábháilteacht agus leis na cearta daonna i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta**

Trí úsáid a bhaint as an eolas agus as an taithí againne, cuirfimid ceannaireacht an smaoinimh ar fáil do chóras níos leithne na sláinte agus an chúraim shóisialta ar mhaithe leo siúd a gcuireann ár gcuid seirbhísí ar fáil agus a mbaineann úsáid astu.

### **Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:**

- Ag cur in iúl go forleathan ár dtaithí agus an fhoghlaim a fuaireamar óas rialáil seirbhísí na sláinte agus an chúraim sóisialta.
- Ag cur ar chumas an ÚFCS fanacht mar cheannaire na smaointeoireachta agus mar phríomh-thionchaire forbairt an bheartais ina chuid réimsí an tsaineolais.

### **Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:**

- Atá príomhréimsí an ghnímh agus an fheabhsúcháin aithinte agus curtha in iúl againn do na ranna rialtais lena mbaineann, don Oireachtas agus don phobal i gcoitinne.
- A forbraíodh agus a cuireadh i láthair páipéir atá bunaithe ar ár gcuid fianaise agus iad tacaithe ag an taithí idirnáisiúnta thar réimsí saineolas an ÚFCS.

# Cad atá ag teastáil ionas go n-éireoidh linn

## 6 A chinntiú go dtacaíonn ár bpríomhchumasóirí linn an nuálaíocht agus barr feabhais a chur ar an gcaoi a dhéanaimid ár gcuid oibre

Tá raon na dtacaíochtaí aitheanta ag an ÚFCS a theastaíonn uaidh le cur ar a chumas a chuid feidhmeanna straitéiseacha a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil agus leis an nuálaíocht agus chun barr feabhais a chur ar an gcaoi a chuireann sé a chuid oibre i gcrích.

### Na Príomhchumasóirí

#### 6.1 Daoine spreagtha agus oilte

Déanfaimid ár ndícheall an cultúr a chothú a thacaíonn le daoine ina gcuid oibre agus ina bhforbairt chun cur ar a gcumas na cuspóirí pearsanta agus eagraíochtúla siúd a sheachadadh atá i gcomhréir lenár gcuid luachanna.

#### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag cinntiú go bhfuil struchtúr na eagraíochta, agus scileanna, inniúlachtaí agus iompar ár bhfoirne dílis do luachanna an ÚFCS agus go mbeifear in ann an Plean Corparáideach 2022-2024 a sheachadadh mar is cóir.
- Ag forbairt na ceannaireachta agus ag tacú léi d'fhonn an t-athrú a bhainistiú agus fás inbhuanaithe na heagraíochta a chumasú.
- Ag leanúint le cultúr agus timpeallacht na hoibre a thógáil a chinntíonn go mbraitheann fostaithe an ÚFCS go bhfuil siad gafa, go bhfuil luach orthu, go bhfuil an chomhlíontacht orthu, agus go bhfuil an trealamh agus na tacaíochtaí ar fáil dóibh chun a gcuid ról a chomhlíonadh ar an gcaighdeán is airde.

#### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- Atá conairí soiléire na forbartha ar fáil tríd an earcaíocht, trí phróisis na bainistíochta agus trí chláir na foghlama agus na forbartha.
- Atá na struchtúir eagraíochtúla atá oiriúnach don fheidhm agus atá bunaithe ar phlean láidir an chomharbais chomh maith le múnla oibriúchán na n-acmhainní daonna mar thaca aige.

- Atá eagraíocht athléimeach i láthair le lucht saothair solúbtha nuálaíoch leis an gcumas feabhsaithe d'fhon an athrithe eagraíochtúile agus an fháis a bhainistiú.
- A bhfuil rannpháirtíocht na foirne ag léiriú gur rogha fostóir sinn a bhfuil taithí níos fearr na bhfostaithe againn chomh maith le lucht saothair níos gafa agus timpeallacht thacúil in ionad na hoibre.

## 6.2 Taighde den scoth

Déanfaimid ár gcuid struchtúr a n-athbhreithniú agus a bhfeabhsú chun a chinntiú go bhfuil an cumas againn chun taighde den scoth a dhéanamh.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag forbairt ár gcuid bpróiseas agus á bhfeabhsú ionas go mbeadh an cumas fós againn sintéis na fianaise agus torthaí na taighde den scoth a sheachadadh.
- Ag leanúint ar aghaidh ag forbairt cumas agus acmhainn na taighde againne chun an dea-chleachtas comhsheasmhach a chinntiú agus sinne ag déanamh taighde atá ar aon dul lenár gcuaspóirí.
- Ag cur le bonn náisiúnta agus idirnáisiúnta na fianaise maidir le na modheolaíochtaí atá ar aon dul lenár gcuid feidhmeanna.

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- Atá láraonad na taighde forbartha againn a chothóidh pobal cleachtas ábhartha na taighde, a chuideoidh le foirne an ÚFCS deiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a aithint do thionscadail na taighde atá ar aon dul le cuspóirí an ÚFCS, gníomhaíocht na taighde tras-eagraíochta a chomhordú agus na comhpháirtíochtaí acadúla a bhainistiú.





## 6.3 An cumas digiteach agus cumas na sonraí

Leanfaimid ag forbairt ár n-acmhainní digiteacha agus na sonraí trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha is déanaí mar aon le bealaí nua na hoibre inár bpróisis ghnó agus sa chaoi ina ndéanaimid teagmháil agus idirghníomhú lenár gcuid sealbhóirí.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag cur ár Straitéis um Chlaochlú Dhigiteach agus na Sonraí i bhfeidhm, agus sinne ag glacadh le cur chuige “digiteach ar dtús” maidir leis an gcaoi a ndéanaimid gnó agus a gcuirimid réitigh agus teicneolaíochtaí ar líne i bhfeidhm chun nuálaíocht a dhéanamh sa chaoi ina n-oibrímid agus lena nglacaimid.
- Ag cur córais theicniúla agus an bonneagar i bhfeidhm mar chuid dár Straitéis um Chlaochlú Dhigiteach agus na Sonraí.
- Ag cur réitigh nuálacha dhigiteacha agus na sonraí ar fáil chun an éifeachtúlacht a fheabhsú go suntasach trí idirghníomhaíochtaí páipéarbhunaithe a dhíchur.

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- A bhfuil teicneolaíochtaí, próisis ghnó agus réitigh nua tugtha isteach chun feabhas a chur ar an mbealach ina ndéanaimid cumarsáid agus caidreamh leis na geallsealbhóirí laistigh agus lasmuigh den eagraíocht araon.
- A bhfuil athréiteach digiteach nua-aimseartha curtha ar fáil chun earnálacha an chúraim shóisialta agus cúram na sláinte a rialáil.
- A bhfuil treochlár faisnéise agus sonraí an ghnó curtha i bhfeidhm, a chinntíonn go n-úsáidtear na sonraí chun éifeachtúlacht ár n-eagraíochta a mhéadú agus chun an cháilíocht agus an tsábháilteacht i seirbhísí na sláinte agus an chúraim shóisialta a thiomáint.

## 6.4 Ceannaireacht, rialachas agus bainistíocht

Cuirfimid cinnteacht leanúnach ar fáil dár ngeallsealbhóirí maidir le héifeachtúlacht struchtúir an rialachais agus na bpróiseas oibriúcháin de chuid an ÚFCS mar a n-ailínítear iad leis an straitéis seo agus le comhlíonadh na gcód agus na reachtaíochta lena mbaineann.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag cur próisis, córais agus struchtúir i bhfeidhm a thacaíonn leis an eagraíocht a cuid acmhainní a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil chun a cuid chuspóirí a bhaint amach.
- Ag déanamh straitéis agus plean gníomhaíochta a fhorbairt chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun cur le clár oibre níos leithne na hinbhuanaitheachta (lena n-áirítear seachadadh Spriocanna na Forbartha Inbhuanaithe de chuid na NA sna réimsí a mbaineann le hobair an ÚFCS).

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- Atá athbhreithniú déanta againn ar chórais agus struchtúir an oibriúcháin inmheánaigh againn chun seachadadh ár straitéis chorparáideach a chinntiú.
- A léirítear go bhfuil an inbhuanaitheacht curtha san áireamh i ngach gníomhaíocht an ÚFCS (agus go bhfuil Spriocanna na Forbartha Inbhuanaithe de chuid na NA neadaithe go hiomlán i ngach gníomhaíocht mbaineann).
- Atáimid cinnte go bhfuilimid ag cloí le gach reachtaíocht, rialachán, caighdeán agus cód cleachtais a bhaineann lenár bhfeidhmeanna agus lenár gcuid oibríochtaí.



## 6.5 Próisis ar ardchaighdeán

Tá na próisis a chinntíonn an cháilíocht agus an chomhsheasmhacht mar bhonn agus mar thaca do dhearadh, d'fhorbairt agus d'athbhreithniú ár gcuid oibre.

### Thar an trí bliain atá romhainn, beimid:

- Ag léiriú gealltanais an ÚFCS don cháilíocht.
- Ag éisteacht lenár ngeallsealbhóirí trína gcuid aiseolais a lorg agus aird chuí á thabhairt againn air maidir lenár bpleanáil agus lenár gcinnteoireacht.

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- Atá an deimhniú bainte amach againn i mbainistíocht na cáilíochta agus ár gcreidiúnú de chuid an ÚCNÉ, An Barr Fheabhais trí Dhaoine agus tríd an an Rialachas Corparáideach, coinnithe fós againn.
- Atá na próisis fhoirmiúla forbartha againn le haghaidh an chomhairliúcháin lenár ngeallsealbhóirí lena n-áirítear a n-aiseolas a chur ar bhonn foirmiúil ar fud ár gcuid feidhmeanna go léir.



## 6.6 Caidrimh chomhoibritheacha agus chuiditheacha

Rachaimid i mbun oibre lenár ngeallsealbhóirí go léir i réimsí na comhleasa, agus sinn eolach ar na ról ar leith againn maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na sláinte agus an chúraim shóisialta a chur chun cinn.

### **Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:**

- Ag cinntiú na rannpháirtíochta leanúnacha leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, chun an feachtas a ghiniúint agus a mhéadú ar shainchúram reachtúil an ÚFCS agus ar a chlár oibre chomh maith leis an muinín a chothú san eagraíocht.
- Ag fiosrú deiseanna comhoibrithe le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus a leathnú d'fhonn cáilíocht agus éifeachtúlacht leanúnach ár gcuid oibre a fheabhsú.

### **Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:**

- Atá caidrimh láidre forbartha againn leis na príomhgeallsealbhóirí agus sinne ag obair go leanúnach chun na réimsí comhleasa agus deiseanna an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta a aithint.
- Atáimid gafa ar bhealaí nuálacha a mbaineann úsáid as modhanna uasdátaithe na cumarsáide a gcinntíonn go bhfuil rochtain éasca ar fáil orainn ag ár ngeallsealbhóirí.
- A léirítear go bhfuil muinín ag na geallsealbhóirí as an eagraíocht agus go bhfuil meas acu ar ár gcuid oibre agus an tionchar a bhaineann léi.
- A léiríodh gur chuidíomar le táirgeadh na gcomh-torthaí trí chomhoibriú le piar-eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le comhpháirtithe acadúla.

## 6.7 An tsofhreagracht, an tsolúbthacht agus an aclaíocht

Coinneoidimid an cumas freagairt agus oiriúnú tapa a dhéanamh ar aon athrú inár gcreat reachtaíochta agus i dtimpeallacht níos fairsinge ár gcuid oibriúchán.

### Thar an trí bhliain atá romhainn, beimid:

- Ag cinntiú go bhfuil an ÚFCS lán-ullmhaithe chun freagairt ar aon athrú ar a shainchúram a eascraíonn as an reachtaíocht nó as athrú an bheartas, go háirithe i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh le linn na paidéime.
- Ag fanacht freagrúil do na saincheistanna agus do na dúshláin a mbaineann le timpeallacht na sláinte agus an chúraim shóisialta.
- Ag leathnú agus ag comhdhlúthú an chumais chun sintéis na fianaise agus giniúint an eolais a chur i bhfeidhm agus a úsáid san ÚFCS agus ar fud córas uile na sláinte araon.

### Beidh a fhios againn sa bhliain 2024 gur éirigh linn nuair:

- A d'éirigh linn an t-athrú, a htáinig as reachtaíocht nua nó as forbairtí an bheartais a bhfuil tionchar acu ar ár sainchúram, a bhainistiú go ráthúil.
- Atá an cumas coinnithe againn chun freagairt cuí a thabhairt do shaincheistanna gan choinne a n-eascraíonn agus a n-éilíonn idirghabháil an ÚFCS.
- Atá cumas méadaithe agus chomhdhlúite ag an ÚFCS agus ag córas uile an chúraim sláinte araon i leith shintéisiú na fianaise chun tacú leis an gcinnteoireacht.



---

# Acmahinní

Faigheann an ÚFCS maoiniú bliantúil ón Roinn Sláinte agus bailíonn sé táillí iarratais ó chlárú na n-ionad ainmnithe. Ina theannta sin, bronnadh roinnt deontas ar an ÚFCS agus d'fhéadfaimis cur isteach ar dheontais bhreise amach anseo chun obair a dhéanamh atá ar aon dul lenár misean.

Tá infhaighteacht na hacmhainní daonna agus airgeadais ina réamhriachtanas chun an plean seo a sheachadadh go rathúil agus chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Rinneadh an plean corparáideach seo a fhorbairt ar bhonn roinnt barrúlacha, ina measc:

- Déanfar leathnú ar ár sainchúram de réir a chéile agus cuirfear an dóthain ama agus acmhainní breise ar fáil le hullmhú dá leithéid réimsí na hoibre, lena n-áirítear na tacaíochtaí a theastaíonn laistigh dár n-eagraíocht.
- Cuirfear acmhainní breise ar fáil, más gá, chun tacú le gníomhaíochtaí neamhphleanáilte.
- Déanfar iarratais ar cheadú tuilleadh baill bhfoirne a bhreithniú agus a fhreagairt go tráthúil.
- Coigeartófar an deontas atá le bronnadh ag an Roinn Sláinte ar an ÚFCS thar na trí bliana atá le teacht leis na hathruithe ar scálaí pá na hearnála poiblí agus ar chostais na hoibríochta i gcoitinne.

---

# Cur i bhFeidhm agus Maoirseacht

Déanfaidh Bord an ÚFCS agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an phlean chorparáidigh seo. Ina theannta sin, tá comhaontú seachadadh na feidhmíochta i bhfeidhm idir an ÚFCS agus an Roinn Sláinte, a chuimsíonn próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht.

Beidh na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa phlean seo, mar aon le tosaíochtaí an rialtais agus aon dúshlán sheachtracha, mar bhonn eolais do phleananna bliantúla an ghnó de chuid an ÚFCS. Cinnteoidh seachadadh na bpleananna gnó seo go ndéanfar ár gcuspóirí straitéiseacha a chur ar fáil thar shaolré an phlean chorparáidigh seo. Mar sin féin, má bhíonn ar an ÚFCS tabhairt faoi réimsí neamhphleanáilte na hoibre, d'fhéadfadh go gcuirfí moill ar ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.





## Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis  
agus Cáilíocht Sláinte

Arna foilsiú le An tÚdarás Um Fhaisnéis agus  
Cáilíocht Sláinte.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil  
le do thoil le:

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte  
Cúirt Sheirse, Lána Sheirse  
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7  
D07 E98Y

+353 (0)1 8147400

[info@hiqa.ie](mailto:info@hiqa.ie)

[www.hiqa.ie](http://www.hiqa.ie)

© An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2022

